# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige


17 Meitheamh 2021

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## PEIL NA GAELTACHTA

Tá an-leabhrán foilsithe ag **Breacadh** bunaithe ar pheil na Gaeltachta. Tá sé lán le téarmaí agus leaganacha cainte i gcaint na ndaoine i nGaeltachtaí Chonnacht agus na Mí. Tá sé feiliúnach d'imreoirí, do lucht tacaíochta, do thraenálaithe agus do réiteoirí. Tá ceithre phóstaer leis an leabhrán le treoracha imeartha agus bunscileanna peile orthu. Is féidir taifeadtaí fuaime de na leaganacha cainte a fháil ag www.breacadh.ie chomh maith. Déan teagmháil le Breacadh ag eolas@breacadh.ie le do chóip féin, saor in aisce a fháil.

Breacadh
Acmhainn Aosoideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht




## GRADAM BRONNTA AR 'BISEACH 2020'

Bronnadh Gradam Pobail an Chathaoirligh do Ghradam na Gaeilge ar BHISEACH 2020. Ag ócáid a d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar líne ar an gCéadaoin a bronnadh an gradam. Cumann Forbartha Chois Fharraige a fhoilsíonn BISEACH. Foilsíodh an chéad eagrán de sa mbliain 1967. Is iris an-snasta anois í ina bhfuil neart ábhar léitheoireachta le béim faoi leith ar stair agus ar oidhreacht chultúrtha Chois Fharraige. Dúirt Donncha Ó hÉallaithe, Cathaoirleach an Choiste Eagarthóireachta, nach bhféadfaí an iris a fhoilsiú marach na daoine ar fad a chuireann grianghraif agus ailt den scoth ar fáil go deonach don iris. Dúirt sé go raibh buíochas ar leith ag dul do Sheosamh Ó Braonáin an t-eagarthóir agus do CL Print a dhearann agus a chlóbhuaileann an iris go slachtmhar. Tá duais €500 ag dul leis an ngradam.

## BUAITEOIR LÓGÓ FHÉILE CHOIS FHARRAIGE

Is í Caitríona Ní Mhathúna as na hAille, scoláire tríú bliana i gColáiste Chroí Mhuire sa Spidéal, buaiteoir an chomórtas lógó do Fhéile Chois Fharraige! Beidh an Fhéile ar bun idir an 1–10 Deireadh Fómhair agus mar chuid den réiteach, reáchtáladh comórtas i measc dhéagóirí Chois Fharraige le teacht ar lógó. Tháinig riar iarratas chun cinn agus níorbh éasca an tasc a bhí ag na moltóirí an ceann buach a roghnú. Bhí siad an-tógtha go deo le saothar Chaitríona, áit ar nasc sí téamaí na Féile le híomhá de léarscáil Chois Fharraige agus an t-ainm féin scríofa i dhá chló, sean-chló Gaelach agus cló nua-aimseartha. Bainfear leas as an lógó ar ábhar bolscaireachta na Féile. An Fóram Pleanála Teanga do cheantar Chois Fharraige a reáchtáil an comórtas agus bronnadh seic €200 ar Chaitríona mar dhuais. Comhghairdeas leat a Chaitríona!

Féile Cois Farraige
Ceol · Ealaín · Cultúr · Oidhreacht · Traidisiún

## LIOSTA TEAGMHÁLA DO FHEIGHLÍ LINBH

An mbíonn tú ag tabhairt aire do pháistí? Má bhíonn, ba mhaith linn cloisteáil uait! Tá liosta teagmhála á chur i dtoll a chéile againn a bheidh úsáideach do theaghlaigh Chois Fharraige. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí ar an liosta, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige @gmail.com





## POTA CAFÉ - OSCAILT OIFIGIÚIL

Osclófar caifé nua trasna ó Halla na Tulaí ar an Aoine, 18 Meitheamh. Ar an mbun-urlár san áit ina mbíodh Tigh Johnny Sheáin, atá AN POTA CAFÉ lonnaithe. Cheannaigh FÍBÍN an áit roinnt blianta ó shin agus tá siad an-ghníomhach agus gnóthach ann ó shin. Tá an foirgneamh réitithe amach anois agus oifigí thuas staighre ann chomh maith. Is ann a déantar taifeadadh ar Chúla 4 freisin. Guíonn muid chuile rath ar an bPOTA CAFÉ.

POTA

## RITH SHIN SHEÁIN 2021

Beidh Rith Shin Sheáin 2021 ar siúl ar an gCéadaoin 23 Meitheamh. Is féidir clárú don rás tré theagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com. Is féidir dúshlán 2K a chur roimh an gclann nó is féidir le daoine fásta tabhairt faoi rith/siúl 5K ar an lá, má tá rud eicínt níos dúshlánaí uait! Rogha eile é seo ar an tine chnámh a bhíodh chomh coitianta sin sna blianta a caitheadh! Go n-éirí libh a chairde!

## GRUAGAIRE LE ROS NA RÚN

Tá Ros na Rún sa tóir ar ghruagaire lánch※áilithe don fhoireann gnóthach atá acu sa Spidéal. Conradh sé mhí atá i gceist, ag tosú i mí Lúnasa. Bheadh taithí sna meáin áisiúil don phost ach ní gá é. Le hiarratas a dhéanamh ní mór CV a sheoladh chuig leiriuchan@rosnarun.com






## CÚRSA STAIRE ÁITIÚIL

Tá cúrsa sa staire áitiúil á reáchtáil ag Ionad Diaspóra na Gaeltachta i gcomhair le hÚdarás na Gaeltachta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimhe agus Ros Comáin. Cúrsa saor in aisce atá ann, áit a gclúdófar stair áitiúil Chonamara, ginealas agus modhanna taighde. Le tuilleadh eolais a fháil agus le clárú déan teagmháil le diaspora@udaras.ie nó glaoigh ar 087 393 1072



## EALAÍONTÓIR CÓNAITHEACHT LE FÍBÍN TEO


Tá **Fíbín** ag cur fáilte roimh ealaíontóirí gairmiúla gníomhacha gur suim leo iarratas a dhéanamh ar dheis chónaitheachta leo don bhliain 2021-2022. Íocfar táille €10,000 thar tréimhse 12 mhí leis an té a roghnófar. Tabharfaidh an chónaitheacht deis d'ealaíontóirí a gcuid scileanna agus a gcuid oibre ealaíonta a fhorbairt i dtimpeallacht atá tacúil agus comhoibríoch, chomh maith le seónna a dhearadh agus comhairle a thabhairt le dearaí le linn na cónaitheachta. Le hiarratas a dhéanamh, seol CV agus litir chumhdaigh le sampla de do chuid oibre chuig eolas@fibin.ie roimh an Aoine 25ú @ 5i.n.



## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim Gaelchara á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minice sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir. Le páirt a ghlacadh nó le breis eolais a fháil faoin scéim, déan teagmháil le optchoisfharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bígí i dteagmháil linn!! Cuirfear tús leis an scéim go luath.




## SRAITH TUISMITHEOIREACHTA NUA AR RTÉ

Tá sraith nua tuismitheoireachta á reáchtáil ag RTÉ. Tabharfar comhairle faoi na deacrachtaí beaga agus móra a bhaineann le bheith ag tógáil clainne sa gclár. Pléifear an bealach is fearr le ham scáileáin a bhainistiú, eolas agus nodanna ar dhea-chleachtais beatha do pháiste, chomh maith le dea-chleachtas maidir le páistí agus imní na paindéime. Is iomaí ceist thábhachtach eile a chlúdófar sa tsraith nua seo. Beidh saineolaithe ar fáil leis na ceisteanna seo a fhreagairt agus le tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do thuismitheoirí. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa tsraith nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Jane in Tyrone Productions ag jfarley@tyrone-productions.ie Is i nGaeilge a bheidh an clár.



**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com**

## FÉILE TRAIDPHICNIC 2021

Beidh an deichiú **Traidphicnic** á reáchtáil idir an 2-4 Iúil i mbliana. Ar líne a bheas imeachtaí na féile arís i mbliana. Mar is iondúil, beidh neart imeachtaí ar ardchaighdeán ar siúl agus neart ceol den scoth le cloisteáil ar feadh na deireadh seachtaine. Beidh Liam Ó Maonlaí agus Clare Sands, Becky Ní Éalllaithe agus Seoda Áitiúla le Coláiste Chroí Mhuire gan Smál agus Coláiste Cholmcille ar fáil agus go leor eile nach iad! Ar bhonn deonach a eagraítear an fhéile bhríomhar, fíor-thaithneamhach seo agus cuirfear fáilte roimh shíntiúis, beag nó mór, leis na costais a ghlanadh. Coinnigí súil ar chuntas na féile ar FB: Féile Traidphicnic le tuilleadh eolais a fháil. Comhghairdeachas ó chroí le Bridge agus lena foireann as an deichiú féile a bhaint amach: ní bheadh tús mhí Iúil ceart gan Traidphicnic! Hup an baile s'againne!

